



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2016

CUNTASAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

DÉ LUAIN 20 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn:

Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais (120 marc).

Tá ceithre cheist sa roinn seo (Uimhir 1 - 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.

Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo.

Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhir 5 - 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.

Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt.

Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhir 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.

Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

Áireamhain

Is ceadmhach áireamhain a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart.

ROINN 1 (120 marc)
Freagair Ceist 1 NÓ DHÁ cheist ar bith eile

1. Cuntas Deiridh Cuideachta agus Cuntas Déantúsaíochta san Áireamh

Tá Caipiteal Údaraithe de €850,000 ag Ó Riain Teo. atá roinnte ina 600,000 Gnáthscair ar €1 an ceann agus 250,000 Scair Thosaíochta 5% ar €1 an ceann. Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2015:

	€	€
Foirgnimh mhonarchan (costas €930,000)	910,000	
Gléasra agus innealra (costas €320,000)	245,000	
Iarmhéid brabúis agus cailteanais 01/01/2015		68,900
Díolacháin		1,352,000
Díol dramhábhar		6,100
Banc		42,600
Féichiúnaithe agus creidiúnaithe	52,000	49,400
Pá díreach monarchan	220,000	
Ceannach amhábhar	524,200	
Speansais díola	36,300	
Speansais riaracháin	49,200	
Forchostais ghinearálta mhonarchan (Fionraí san áireamh)	86,400	
Stoic ar láimh 01/01/2015		
Earraí críochnaithe	48,100	
Amhábhair	46,500	
Obair idir lámha	33,200	
Bintiúir 8% (€60,000 a eisíodh ar 30/04/2015 san áireamh)		375,000
Díbhinní íoctha	22,500	
Scairchaipiteal Eisithe - gnáthscaireanna		500,000
- scaireanna tosaíochta 5%		200,000
Fruiliú trealaimh speisialta	35,700	
Lascaine (glan)		6,000
Íocaíochtaí ríchiosa	30,500	
Cíos		8,500
Infheistíochtaí 4% a ceannaíodh ar 01/05/2015	315,000	
ÍMAT, ÁSPC & MSU		46,100
	<u>2,654,600</u>	<u>2,654,600</u>

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

- (i) Stoic ar láimh ar 31/12/2015

Earraí críochnaithe	€77,600
Amhábhair	€36,100
Obair idir lámha	€34,200
- (ii) San áireamh san fhigiúr do dhíol dramhábhar, tá €3,600 a fuarthas ar sheanmheaisín a díoladh ar 30/06/2015. Chosain an meaisín seo €18,000 ar 01/04/2010.
- (iii) Déan soláthar in aghaidh dímhéasa ar Ghléasra agus Innealra ar ráta bliantúil 10% dá gcostas ón dáta ar ceannaíodh iad go dtí an dáta ar díoladh iad.
- (iv) Tugadh faoi deara gur cuireadh earraí críochnaithe chuig custaiméir ar 31/12/2015 ar bhonn ‘díola nó aischuir’. Iontráladh na hearraí seo sna leabhair mar dhíolachán creidmheasa de €15,000, sin uasmharcáil 20% dá gcostas.
- (v) Tarlaíonn an figiúr fionraí toisc gur ceadaíodh lascaine €1,200 a iontráladh i gcuntas na bhféichiúnaithe amháin agus toisc gur iontráladh ceannacháin amhábhar ar cairde €5,000 ar an taobh mícheart de chuntas na gcreidiúnaithe.
- (vi) Baineadh an figiúr le haghaidh an bhainc sa Chomhardú Trialach as taifid an ghnólachta. Ach tháinig ráiteas bainc dar dáta 31/12/2015 isteach agus rótharraingt de €36,300 á léiriú ann. Tháinig na neamhréitigh seo a leanas chun solais nuair a cuireadh an cuntas bainc agus an ráiteas bainc i gcomparáid lena chéile:
 1. Obadh seic €800 a fuarthas ó fhéichiúnaí. Níor iontráladh é seo sna leabhair.
 2. Íocadh cíos €5,100 do na sé mhí dar críoch 30/04/2016 go díreach isteach i gcuntas bainc na cuideachta.
 3. Ní raibh seic €2,000 a eisíodh chuig soláthraí seachadta chun íoctha fós.
- (vii) Thóg Ó Riain Teo. síneadh lena dtrádstóras in 2015. Fostaithe de chuid na cuideachta féin a rinne an obair sin. Tá costas a saothair siúd, €12,000, san áireamh i bpá na monarchan. Tógadh na hábhair thógála, a chosain €28,000, ó na stoic. Ní dhearnadh iontráil ar bith sna leabhair maidir leis an síneadh seo.
- (viii) Déan soláthar d’ardú pá 5% a tugadh le déanaí agus a siardhátaíodh chun ná sé mhí ó 01/07/2015 a chlúdach.
- (ix) Ba chóir soláthar a dhéanamh dóibh seo a leanas:
 1. Ioncam infheistíochta dlite agus ús dlite ar bhintiúir.
 2. Soláthar in aghaidh drochfhiach a chruthú atá cothrom le 4% de na féichiúnaithe.

Iarrtar ort:

- (a) Cuntas Déantúsaíochta, Trádála, Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar críoch 31/12/2015 a ullmhú. (75)
- (b) Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2015 a ullmhú. (45)

(120 marc)

2. Cuntas Rialúcháin Féichiúnaithe

Thaispeáin cuntas rialúcháin mhórleabhar na bhféichiúnaithe ag U. Mac Aonghusa na hiarmhéideanna seo a leanas: €27,000 dr agus €650 sr ar 31/12/2015. Níor réitigh na figiúirí sin leis an sceideal (liosta) d'iarmhéideanna féichiúnaithe a baineadh amach ar an dáta céanna. Léirigh iniúchadh ar na leabhair iad seo a leanas:

- (i) Lascaine de €120 a lamháladh do chustaiméir, caitheadh léi sa mhórleabhar ginearálta mar lascaine de €210 nár ceadaíodh. Níor breacadh aon rud faoi seo i gcuntas an chustaiméara.
- (ii) Ús €95 a gearradh ar chuntas custaiméara a bhí dlite thar téarma, breacadh i gceart é i gcuntas an chustaiméara agus breacadh mar €59 sa chuntas úis é. I ndiaidh don chustaiméir gearán a dhéanamh, laghdaíodh an táille go €65. Níor breacadh an laghdú seo sna leabhair.
- (iii) Bhí díolacháin €1,720 breactha ar thaobh an tsochair i gcuntas custaiméara. Bhí díolacháin ar airgead síos €1,240 san áireamh anseo.
- (iv) Breacadh iontráil contra €140 ar an taobh mícheart den chuntas rialúcháin. Nuair a breacadh an iontráil i gcuntas an chustaiméara, iontráladh an mhír mar €410 ar an taobh mícheart.
- (v) Breacadh billí infhála €560 ar an taobh mícheart de chuntas custaiméara.
- (vi) Ghlac Mac Aonghusa le luach €300 d'earraí ar ais ó chustaiméir agus breacadh é seo i gceart sna leabhair. Seoladh nóta sochair, áfach, a thaispeáin táille athstocála 10% den phraghas díolacháin. Ní dhearna cléireach na gcuntas na coigeartuithe cuí ach ar chuntas an chustaiméara amháin. Laghdaíodh an táille go dtí 5% ina dhiaidh sin, ach níor taispeánadh an laghdú seo sna cuntais.

Iarrtar ort:

- (a) Cuntas rialúcháin mhórleabhar coigeartaithe na bhféichiúnaithe a ullmhú. (22)
 - (b) Sceideal coigeartaithe féichiúnaithe a ullmhú a léiríonn an t-iarmhéid a bhí ann ar dtús. (30)
 - (c) (i) Tabhair **dhá** chúis a n-ullmhaítear cuntais rialúcháin féichiúnaithe. (8)
 - (ii) Mínigh srian **amháin** a bhaineann le húsáid a bhaint as cuntais rialúcháin. (8)
- (60 marc)**

3. Cuntais chlub

Bhí na nithe seo a leanas san áireamh i sócmhainní agus i ndlíteanais Chlub Gailf Stretford ar 01/01/2015: clubtheach agus cúrsa €650,000, stoc beáir €6,000, trealamh ar a chostas €24,000, féichiúnaithe beáir €355, ballraíocht saoil €40,000, creidiúnaithe beáir €3,000, pá dlite €1,500, cúlchiste tobhaigh €50,000, síntiúis réamhíochta €1,400, ús infheistíochta dlite €300.

Chuir cisteoir an chlub an cuntas seo a leanas ar fáil i dtaobh imeachtaí an chlub i rith na bliana dar críoch 31/12/2015.

Cuntas Fáltais agus Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31/12/2015

Fáltais	€	Íocaíochtaí	€
Síntiúis	102,900	Iarmhéid cuntas reatha bainc 01/01/2015	8,500
Fáltais lónadóireachta	6,500	Ceannacháin bheáir	33,600
Ús ó infheistíochtaí 4%	2,400	Ceannacháin lónadóireachta	4,800
Fáltais bheáir	76,300	Trealamh	18,000
Táillí iontrála	10,000	Speansais éagsúla	124,350
Urraíocht bhliantúil	11,400	Duaiseanna comórtas	22,100
Deontas trealaimh	25,000	Seic obtha – fiach beáir	80
Fáltais chomórtas	25,600	Iasacht bhainc móide ús 15 mhí íochta ag 8% ar 31/12/2015	33,000
		Iarmhéid 31/12/2015	<u>15,670</u>
	<u>260,100</u>		<u>260,100</u>

Tugtar an t-eolas agus na teoracha seo a leanas duit:

- B'iad na stoic ar 31/12/2015 ná stoc bheáir €16,900, stoc lónadóireachta €600.
- Ús infheistíochta dlite ar 31/12/2015: €400.
- Trealamh i seilbh an chlub ar 31/12/2015 le dímheas ar ráta 20% dá chostas.
- Tá an clubtheach agus an cúrsa le dímheas de réir ráta 2%.
- Ar na síntiúis tá:
 - Dhá bhallraíocht saoil a thugann líon iomlán na mballraíochtaí saoil go 10.
 - Síntiúis €800 do 2016.
 - Tobhach €50 an duine ar na 500 ball ar fad do 2015.
 - Tobhach €50 an duine dlite ó 20 ball do 2014.
- Chinn an club go ndéanfar ballraíocht saoil a chur chun sochair mar ioncam thar thréimhse 10 mbliana ag tosú i 2015.
- Ní bhfuarthas an seic obtha ar ais ina dhiaidh sin agus rinneadh é a dhíscríobh mar dhrochfhiach.
- Féichiúnaithe agus creidiúnaithe an bheáir - €500 agus €1,230 faoi seach ar 31/12/2015.

Iarrtar ort:

- Ciste carntha an chlub (caipiteal) a thaispeáint ar 01/01/2015. (25)
 - An cuntas ioncain agus caiteachais a thaispeáint don bhliain dar críoch 31/12/2015. (27)
 - Déan idirdhealú idir 'tobhach' agus 'ballraíocht saoil'. Mínigh conas a chaitear leis an dá cheann acu sna cuntais. (8)
- (60 marc)**

4. Taifid Neamhiomlána

Ar 01/01/2015, lóisteáil A. Ó Néill €560,000 i gcuntas gnó sa bhanc agus ar an lá céanna cheannaigh sé gnólacht ar €490,000. Bhí na sócmhainní inláimhsithe agus na dliteanais seo a leanas san áireamh ann: foirgnimh €450,000, stoc €15,700, rátaí trí mhí réamhíochta €2,400, féichiúnaithe €26,600, pá dlite €4,800 agus creidiúnaithe trádála €51,000.

Níor choimeád Ó Néill sraith iomlán leabhar i rith 2015 ach bhí sé in ann an t-eolas breise seo a sholáthar ar 31/12/2015:

- (i) Gach seachtain thógadh Ó Néill earraí ar chostas €190 ón stoc, agus scríobhadh sé seic €150 gach seachtain chun íoc as speansais teaghlaigh.
- (ii) Thóg Ó Néill €350,000 ar iasacht ar 01/10/2015, agus d'úsáid sé cuid de chun áitreabh béal dorais a cheannach ar €295,000. Aontaíodh go n-íocfaí ús ar an lá deireanach de gach mí ar ráta 6% sa bhliain. Bhí an tsuim chaipitil le haisíoc mar chnapshuim sa bhliain 2021. Chun soláthar a dhéanamh dó sin tugadh treoir don bhanc €5,200 a aistriú ar an lá deiridh de gach mí ó chuntas gnó Uí Néill isteach i gciste infheistíochta.
- (iii) I gcaitheamh na bliana, lóisteáil Ó Néill airgead sa chuntas gnó sa bhanc mar seo a leanas:
€145,000 ón scipéad airgid;
díbhinní de luach €4,200.
- (iv) Rinne Ó Néill na híocaíochtaí seo a leanas le seiceanna, freisin: solas agus teas €9,200, ús €3,500, pá agus speansais ghinearálta €94,000, trealamh €16,000, rátaí go ceann dhá mhí dhéag €10,800 agus díosal do charr príobháideach €4,600.
- (v) Mheas Ó Néill gur chóir 30% díobh seo a leanas a chur i leith an taoibh phríobháidigh den áitreabh: trealamh, solas agus teas don bhliain, chomh maith le hús na hiasachta don bhliain.
- (vi) San áireamh i sócmhainní agus i ndlíteanais an ghnólachta ar 31/12/2015 bhí stoc €17,300, féichiúnaithe €37,300, creidiúnaithe trádála €44,600, leictreachas dlite €760 agus ús €39 tuillte ag an gciste infheistíochta go dtí sin.

Iarrtar ort:

- (a) Ráiteas/Clár Comhardaithe a ullmhú, ag taispeáint bhrabús nó chailteanas Uí Néill don bhliain dar críoch 31/12/2015. **(Taispeáin do chuid oibre.)** (52)
- (b) Cén chomhairle a chuirfeá ar Ó Néill maidir le taifid a choimeád? (8)

(60 marc)

ROINN 2 (200 marc)
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

5. Léirmhíniú Cuntas

Baineadh na figiúirí seo a leanas as cuntas deiridh Uí Dhochartaigh Teo., soláthraí seirbhísí i dtionscal na turasoireachta, don bhliain dar críoch 31/12/2015. Tá caipiteal údaraithe de €900,000 ag an gcuideachta atá comhdhéanta de 600,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 300,000 scair thosaíochta 5% ar €1 an ceann. Tá 500,000 gnáthscair agus na scaireanna tosaíochta 5% go léir eisithe ag Ó Dochartaigh Teo. cheana féin.

Cuntas Trádála, Brabúis agus Cailteanais don bhliain dar críoch 31/12/2015	
€	€
Díolacháin	980,000
Stoc tosaigh	55,000
Stoc deiridh	65,000
Costais earraí díolta	(752,000)
Speansais oibriúcháin don bhliain	(83,000)
Ús don bhliain	(12,000)
Glanbhrabús don bhliain	133,000
Díbhinní íoctha	(50,000)
Brabús coinnithe	83,000
Iarmhéid brabúis agus cailteanais 01/01/2015	45,000
Iarmhéid brabúis agus cailteanais 31/12/2015	128,000

Cóimheasa agus eolas don bhliain dar críoch 31/12/2014	
Tuilleamh in aghaidh na gnáthscaire	13.2c
Díbhinn in aghaidh na gnáthscaire	6c
Cumhdach Úis	6 huair
Cóimheas mear	1.2:1
Luach margaidh gnáthscaire amháin	€1.15
Toradh ar chaipiteal in úsáid	10.3%
Giaráil	54%
Cumhdach díbhinne	2.2 uair
Toradh díbhinne	5.22 %

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2015		
	€	€
Sócmhainní Seasta		856,000
Infheistíochtaí (luach an mhargaidh 31/12/2015 €200,000)		150,000
		1,006,000
Sócmhainní Reatha (stoc €65,000 is féichiúnaithe €95,000 san áireamh)	212,000	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin		
Creidiúnaithe trádála	(90,000)	122,000
		1,128,000
Maoinithe ag:		
Bintiúir 6% (faoi urrús 2017)		200,000
Caipiteal agus Cúlchistí		
Gnáthscaireanna @ €1 an ceann	500,000	
Scaireanna tosaíochta 5% @ €1 an ceann	300,000	
Iarmhéid brabúis agus cailteanais	128,000	928,000
		1,128,000

Is é luach gnáthscaire amháin ar an margadh ar 31/12/2015 ná **€1.25**.

Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh do 2015: (déan an t-áireamh go dtí **dhá** ionad dheachúlacha de réir mar is cuí).

- (a) (i) Ceannacháin airgid más é 2 mhí an tréimhse chreidmheasa faighte ó chreidiúnaithe trádála.
(ii) Toradh Díbhinne.
(iii) Cóimheas idir Praghas agus Tuilleamh
(iv) Toradh ar Chaipiteal a Úsáidtear.
(v) Cumhdach Díbhinne. (50)
- (b) An mbeifeása mar scairshealbhóir toilteanach breis scaireanna de chuid Uí Dhochartaigh Teo. a cheannach? Bain úsáid as cóimheasa agus eolas ábhartha eile chun tacú le do fhreagra. (35)
- (c) (i) Mínigh an téarma ‘Giaráil’.
(ii) Cad iad na buntáistí a bhaineann le hísealghiaráil do ghnólacht?
(iii) Luaigh **dhá** shlí chun giaráil cuideachta a laghdú. (15)

(100 marc)

6. Ceartú earráidí agus cuntas fionraí

Níor réitigh comhardú trialach D. Uí Sheasnáin Teo., miondíoltóir troscáin, ar 31/12/2015. Iontráladh an difríocht i gcuntas fionraí agus ullmhaíodh an clár comhardaithe seo a leanas.

Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2015			
Sócmhainní Seasta	€	€	€
	Costas	Dímheas go dtí seo	Glan
Áitreabh	630,000		630,000
Trealamh	56,000	12,000	44,000
Feithiclí mótaí	<u>92,000</u>	<u>26,000</u>	<u>66,000</u>
	<u>778,000</u>	<u>38,000</u>	740,000
Sócmhainní Reatha			
Stoc (fionraí san áireamh)		98,000	
Féichiúnaithe		41,600	
Airgead		<u>2,400</u>	
		142,000	
Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin			
Creidiúnaithe	72,000		
Banc	<u>22,000</u>	<u>(94,000)</u>	<u>48,000</u>
			<u>788,000</u>
Maoinithe ag:			
Eisithe – 700,000 gnáthscair @ €1 an ceann		700,000	
Iarmhéid brabúis agus cailiteanais		<u>88,000</u>	<u>788,000</u>
			<u>788,000</u>

Nuair a seiceáladh na leabhair, thángthas ar na hearráidí agus na heasnaimh seo a leanas:

- (i) Iontráladh boird chaife a ceannaíodh ar cairde ar €2,800 ar an taobh mícheart de chuntas an chreidiúnaí, agus breacadh chun sochair €1,800 iad sa chuntas trealaimh.
- (ii) Díoladh ar airgead tirim €1,350 veain seachadta a chosain €2,400 agus a raibh luach €1,500 uirthi de réir na leabhar. Iontráladh é seo mar €1,530 ar thaobh an dochair sa chuntas díolachán agus ar thaobh an sochair sa chuntas féichiúnaí.
- (iii) Fágadh árachas dlite €340 agus cíos €460 réamhíochta le hÓ Seasnáin amach as na leabhair.
- (iv) Rinneadh nóta sochair de €620 a cuireadh chuig féichiúnaí a iontráil sna leabhair lae mar €260 agus, ina dhiaidh sin, breacadh ar an taobh mícheart de na cuntais ábhartha mórleabhair é.
- (v) Chuir Ó Seasnáin ar ais troscán a bhí ceannaithe aige roimhe sin ar cairde ar €27,000. Iontráladh é seo sna cuntais mar €37,000. Tháinig nóta sochair ón soláthraí ina dhiaidh sin, áfach, ar a raibh táille iompair de €500. An t-aon iontráil a rinneadh maidir leis an nóta sochair seo ná iontráil sochair €26,500 i gcuntas an chreidiúnaí.

Iarrtar ort:

- (a) Na ceartúcháin riachtanacha a iontráil sa leabhar cúnata. (54)
- (b) An cuntas fionraí a thaispeáint. (6)
- (c) Ráiteas a ullmhú a thaispeánann an glanbhrabús ceartaithe. (14)
- (d) Clár comhardaithe ceartaithe a ullmhú. (20)
- (e) Mínigh:
 - (i) Earráidí cúiteacha.
 - (ii) Earráidí túsiontrála. (6)

(100 Marc)

7. Cuntais Fhoilsithe

Tá caipiteal údaraithe €900,000 ag Mac Aidicín cpt, roinnte ina 600,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 300,000 scair thosaíochta 8% ar €1 an ceann. Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2015.

	€	€
Feithiclí ar a gcostas	290,000	
Feithiclí – dímheas carnach ar 01/01/2015		104,000
Infheistíochtaí 6%	250,000	
Foirgnimh ar a gcostas	700,000	
Foirgnimh - dímheas carnach ar 01/01/2015		121,300
Ioncam infheistíochta		5,400
Féichiúnaithe agus creidiúnaithe	129,000	94,000
Stoc 01/01/2015	91,000	
Paitinn 01/01/2015	33,000	
Speansais riaracháin	203,000	
Costais dáileacháin	121,000	
Ceannacháin agus díolacháin	1,165,000	1,799,700
Ioncam ó chíosanna		46,000
Brabús ar dhíol talún		35,000
Díbhinní íoctha	43,000	
Banc	90,000	
CBL		21,300
Cuntas brabúis agus cailteanais ar 01/01/2015		72,000
Caipiteal eisithe		
Gnáthscaireanna		480,000
Scaireanna tosaíochta 8%		120,000
Soláthar in aghaidh drochfhiach		15,500
Bintiúir 7% 2018/2019		200,000
Lascaine		13,000
Ús bintiúir íoctha	12,200	
	<u>3,127,200</u>	<u>3,127,200</u>

Baineann an t-eolas seo a leanas le hábhar:

- (i) Is é an stoc ar 31/12/2015 ná €76,000.
- (ii) Ceannaíodh an phaitinn ar 01/01/2011 ar €77,000. Tá sí á hamúchadh thar 7 mbliana i dtráthchodanna cothroma. Tá an t-amúchadh seo le cur san áireamh i gcostas na ndíolachán.
- (iii) Déan soláthar dóibh seo: ús bintiúir dlite, ioncam infheistíochta dlite, táillí iniúchóirí €18,000, táillí stiúrthóirí €26,000 agus cáin chorparáide €56,000.
- (iv) San áireamh sna speansais riaracháin tá fáltas €8,250 ar ioncam ó chíosanna.
- (v) Le linn na bliana, díoladh talamh taobh le háitreabh na cuideachta a chosain €85,000 ar €120,000. Ag deireadh na bliana, d'athluacháil an chuideachta a cuid foirgneamh ar €800,000 agus teastaíonn ón gcuideachta an luach sin a chuimsiú i gcountas na bliana seo.
- (vi) Déan soláthar do dhímheas: Foirgnimh 2% de réir méid chothrom. Feithiclí 20% dá gcostas.
- (vii) Tá éileamh dífhostú éagórach de €60,000 déanta ag iarfhostaí. Tá comhairleoirí dlí na cuideachta tar éis a chur in iúl gur dócha go gcuirfeadh an chuideachta faoi dhliteanas don mhéid iomlán.

Iarrtar ort:

- (a) Cuntas brabúis agus cailteanais foilsithe a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2015 agus clár comhardaithe, mar a bhí ar an dáta sin de réir Achtanna na gCuideachtaí agus na gcaighdeán cuntasáíochta cuí, a thaispeánann na nótaí seo a leanas:
 1. Nóta ar bheartas cuntasáíochta maidir le sócmhainní seasta inláimhsithe agus stoc
 2. Brabús oibriúcháin
 3. Díbhinní
 4. Sócmhainní seasta inláimhsithe
 5. Dhliteanas teagmhasach. (88)
- (b) (i) Mínigh cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go ndéanfaí rialáil cheart ar ráitis airgeadais. (12)
- (ii) Conas a dhéanann an tAontas Eorpach rialú ar thíolacadh cuntas? (12)

(100 marc)

ROINN 3 (80 marc)
Freagair ceist **AMHÁIN**

8. Cionroinnt Forchostas/Jabhostáil

Tá dhá roinn táirgeachta, 1 agus 2, agus dhá roinn fosheirbhísí, A agus B, ag Ó Móráin Teo. Baineann na costais a leanas le 2016.

	Iomlán	Táirgeacht 1	Táirgeacht 2	Seirbhís A	Seirbhís B
	€	€	€	€	€
Ábhair neamhdhíreacha	380,000	245,000	135,000	-----	-----
Saothar neamhdhíreach	400,000	280,000	120,000		
Cothabháil meaisíní	12,000				
Dímheas ar foirgnimh monarchan	30,000				
Solas agus teas monarchan	18,000				
Glanadh monarchan	8,000				
Ceaintín monarchan	5,600				

Baineann an t-eolas seo a leanas leis na ranna táirgeachta agus seirbhísí:

	Iomlán	Táirgeacht 1	Táirgeacht 2	Seirbhís A	Seirbhís B
Toirt ina méadair chiúbacha	6,000	3,000	1,500	1,000	500
Achar urláir ina mhéadair chearnacha	1,000	400	300	200	100
Líon na bhfostaithe	490	280	140	70	-----
Luach na bhfoirgneamh de réir na leabhar	600,000	300,000	150,000	100,000	50,000
Uaireanta meaisín	50,000	30,000	20,000	-----	-----
Uaireanta saothair	60,000	15,000	45,000	-----	-----

Tá na ranna seirbhísí le haistriú go dtí na ranna táirgeachta de réir na gcéatadán seo a leanas:

	Táirgeacht 1	Táirgeacht 2
Seirbhís A	70%	30%
Seirbhís B	60%	40%

Tá Jab Uimh. 650 díreach críochnaithe anois. Baineann na sonraí seo leis:

	Ábhair Dhíreacha	Saothar Díreach	Uaireanta Meaisín	Uaireanta Saothair
	€	€		
Táirgeacht 1	7,500	4,000	120	50
Táirgeacht 2	2,800	3,900	80	100

Déanann an chuideachta buiséadú do chorrlach brabúis de 20%.

Iarrtar ort:

- (a) An forchostas atá le hionsú ag gach roinn a ríomh agus an bonn cionranna a úsáideadh a thaispeáint go soiléir.
- (b) Costais na ranna seirbhísí a aistriú go dtí na ranna táirgeachta, 1 agus 2.
- (c) Ráta ionsúite forchostais oiriúnach a ríomh do gach roinn.
- (d) Praghas díola do Jab Uimh. 650 a ríomh.
- (e)
 - (i) A bhfuil i gceist le hath-chionroinnt forchostas a mhíniú.
 - (ii) **Trí** ráta ionsúite forchostas a ainmniú agus a mhíniú cén fáth a bhunaítear ar fhigiúirí buiséadaithe.

(80 Marc)

9. Buiséadú Airgid

Tá sé ar intinn ag Ó hEireamhóin Teo. gnólacht a bhunú ar 01/07/2016 agus rinne sé an réamhaisnéis seo a leanas don chéad sé mhí trádála:

Buiséad Díolachán

	Iúil	Lúnasa	M. Fómhair	D. Fómhair	Samhain	Nollaig
Aonaid díolacháin	9,000	9,750	11,000	12,000	12,500	12,800
Ioncam ó dhíolacháin	€270,000	€292,500	€330,000	€360,000	€375,000	€384,000

- (i) Teastaíonn 3kg d'ábhar X, a bhfuil costas €4 an kg air, do gach aonad táirge.
- (ii) Coimeádtar stoc earraí críochnaithe de 60% den riachtanas díolachán don chéad mhí eile.
- (iii) Coimeádtar stoic amhábhhar ag deireadh gach míosa ar leor iad le haghaidh 20%, i gcileagraim, de riachtanais na chéad míosa eile.
- (iv) Meastar go mbeidh an patrún bailithe airgid ó dhíolacháin mar seo a leanas:

Custaiméirí Airgid In airgead síos a bheidh 30% den ioncam ó dhíolacháin.

**Custaiméirí
Creidmheasa**

Tiocfaidh 70% den ioncam ó dhíolacháin ó chustaiméirí creidmheasa. Íocfaidh na féichiúnaithe seo 50% dá gcuid billí sa mhí i ndiaidh an díolacháin agus an fuilleach sa dara mí i ndiaidh an díolacháin.

- (v) Faightear cairde aon mhí amháin ó sholáthraithe.
- (vi) Déanfar speansais an ghnólachta a réiteach mar seo a leanas:

Costais Ionchais Pá €10,000 móide 5% den ioncam díolachán in aghaidh na míosa, iníoctha de réir mar a thabhaítear iad.
Forchostais athraitheacha €4 an t-aonad, iníoctha de réir mar a thabhaítear iad.
Forchostais sheasta (dímheas san áireamh) €28,000 in aghaidh na míosa, iníoctha de réir mar a thabhaítear iad.

Costais Chaipitil Ceannófar trealamh de luach €60,000 ar 1 Iúil a mbeidh saolré fhóinteach de 5 bliana aige.

Chun an ceannach seo a mhaoiniú gheofar iasacht de €48,000 a chuirfear faoi urrús 10% in aghaidh na bliana. Aisiócfar an iasacht agus an t-ús seo thar 4 bliana. Tosóidh íocaíochtaí míosúla caipitil agus úis i mí Lúnasa.

Iarrtar ort:

- (a) Buiséad táirgthe a ullmhú do na ceithre mhí Iúil go Deireadh Fómhair 2016.
- (b) Buiséad ceannacháin amhábhhar (in aonaid agus in €) a ullmhú do na ceithre mhí Iúil go Deireadh Fómhair 2016.
- (c) Buiséad airgid thirim a ullmhú do na ceithre mhí Iúil go Deireadh Fómhair 2016.
- (d) Cuntas trádála, brabúis agus cailteanais buiséadaithe a ullmhú do na ceithre mhí dar críoch 31/10/2016 (más é an costas buiséadaithe d'aonad earraí críochnaithe ná €20).
- (e)
 - (i) Cad iad na moltaí a dhéanfa d'ÓhEireamhóinTeo. ar bhonn na mbuiséad atá ullmhaithe agat?
 - (ii) Tabhair breac-cuntais na tosca ba chóir d'Ó hEireamhóin Teo. a chur san áireamh agus figiúirí díolacháin sa todhchaí á meas acu.

(80 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán